# An Teach:
# Caint (Teach Nua)

*TEG B1: Aonad 3*

## A: FEASACHT TEANGA

Tá teach nua ceannaithe agat. Tá pictiúir thíos de na rudaí ar fad atá le déanamh agat go fóill sa teach. Roghnaigh an t-ainmfhocal agus an briathar ceart ó na boscaí le cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr.










| Ainmfhocal | Briathar |
|---|---|
| (na) soithí | a cheannach |
| (an) teach | a ní |
| (an) sconsa | a phéinteáil |
| (na) plandaí / crainn | a chur |
| (an t-) inneall níocháin | a dheisiú |
| (an) díon | a thógáil |
| (an t-) urlár | a dhéanamh |
| (an) obair | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# TEG B1 Aonad 3
# An Teach: Caint

**1. Scríobh abairtí bunaithe ar na pictiúir agus ar an bhfoclóir thuas. Tosóidh gach abairt le 'Caithfidh mé', mar shampla, 'Caithfidh mé an gairdín a réiteach'.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**2. Féach ar an struchtúr seo anois:**

- Tá gairdín **le réiteach** agam.
- Tá balla **le tógáil** agam.

Bain úsáid as an struchtúr seo anois leis na habairtí sa cheacht thuas a rá arís ar bhealach eile. Scríobh amach na habairtí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**3.** An bhfuil aon rud le déanamh agat féin sa bhaile an deireadh seachtaine seo?
Inis don duine atá in aice leat faoi do chúraimí tí agus cad eile a bheidh ar siúl agat ag an deireadh seachtaine.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: RÓLIMIRT

Beidh tú ag déanamh plé, le do pháirtí, ar do lóistín ar ball beag agus beidh tú ag baint úsáid as an eolas atá sna táblaí thíos. Sula dtosóidh tú, caith tamall ag ullmhú na gceisteanna a chuirfidh tú ar do pháirtí.

- **Cuir ceisteanna iomlána i gcónaí!**
  Mar shampla: 'Cén saghas lóistín atá agat?' nó 'Cén saghas tí ina bhfuil tú i do chonaí?'
- Déan forbairt ar do chuid freagraí, chomh fada agus is féidir.
- Beidh do mhúinteoir in ann cabhrú leat agus tabharfaidh sí/sé Ról A nó Ról B do gach duine sa rang.

**Ról A**

**Saghas lóistín?** Teach leathscoite in eastát tithíochta

**Cén fhad?** 5 bliana – do theach féin – cheannaigh tú é

**Costas?** €1500 sa mhí

**Daoine eile ann?** Páirtí agus leanaí

**Cé chomh mór?** Réasúnta – 4 sheomra codlata (oifig i gceann) – cistin bheag – síneadh ag teastáil

**Rudaí a thaitníonn leat?** In aice leis na háiseanna – comharsana deasa – ciúin suaimhneach sábháilte

**Aon rud nach dtaitníonn leat?** Gairdín rómhór – obair le déanamh – easpa ama!

**Ról B**

**Saghas lóistín:** Árasán i mbloc ar imeall na cathrach

**Cén fhad?** Bliain amháin – ar cíos

**Costas?** €1800 sa mhí – an-chostasach

**Daoine eile ann?** Cara ón obair

**Cé chomh mór?** Beag – 2 sheomra codlata – seomraí beaga – níl aon ghairdín ann

**Rudaí a thaitníonn leat?** in aice le lár na cathrach – is féidir siúl gach áit – glan agus geal

**Aon rud nach dtaitníonn leat?** Níl aon ghairdín ann – easpa spáis do chuairteoirí!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# C: MACHNAMH

## Seicliosta agus ceisteanna go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |
| Ceist(eanna) atá agam go fóill: | | | | |
| | | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# FREAGRAÍ

## A: FEASACHT TEANGA

**1.**

- Caithfidh mé plandaí a chur.
- Caithfidh mé inneall níocháin a cheannach.
- Caithfidh mé an teach a phéinteáil.
- Caithfidh mé sconsa a thógáil etc.
- Caithfidh mé na soithí a ní.
- Caithfidh mé an díon a dheisiú.
- Caithfidh mé an t-urlár a ní/phéinteáil/dheisiú.
- Caithfidh mé an obair a dhéanamh.

**2.**

1. Tá plandaí le cur agam.
2. Tá inneall níocháin le ceannach agam.
3. Tá an teach le péinteáil agam.
4. Tá sconsa le tógáil agam.
5. Tá na soithí le ní agam.
6. Tá an díon le deisiú agam.
7. Tá an t-urlár le ní/péinteáil/deisiú agam.
8. Tá an obair le déanamh agam.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad